# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉ hAOINE, 16 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30**

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad sé líne** :- (35)

Iamque cibo vinoque graves somnoque iacebant,
securumque quies alta per Argos erat.
circum me gemitus morientum audire videbar:
et tamen audieram quodque verebar, erat.
sanguis abit; mentemque calor corpusque relinquit;
inque novo iacui frigida facta toro. **6**
ut leni Zephyro graciles vibrantur aristae,
frigida populeas ut quatit aura comas,
aut sic, aut etiam tremui magis.

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas.
(Tá cúig mharc déag ag gabháil le gach ceist). (45)

- **(a)** Inis go hachomair scéal Hypermnestra agus a deirfiúracha.
- **(b)** Cad a d'ordaigh a n-athair do Hypermnestra agus dá deirfiúracha a dhéanamh?
- **(c)** Sna trí líne dheireanacha, cén **dá** rud a gcuireann Hypermnestra a creathnú i gcomparáid leo?
- **(d)** Sa dara cuid den scéal seo (sliocht XXI), déanann Hypermnestra cur síos ar an gcaoi ar fhéach sí le horduithe a hathar a chomhlíonadh. Cad iad na cúiseanna a thugann sí le gan a bheith in ann é sin a dhéanamh?
- **(e)** Déan cur síos ar dhán nó ar shliocht eile ar an gcúrsa a thaitníonn leat. Abair cén fáth a dtaitníonn sé leat.
- **(f)** Scríobh cuntas achomair ar shaol agus ar shaothar Óivid.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Déanann Uiliséas plean chun an Traí a ghabháil agus deireadh a chur leis an léigear)*

Graeci Troiam multos annos obsidebant. Quamquam Graeci saepe muros oppugnabant atque Graeci saepe milites Troianorum superaverant, non tamen oppidum Troianorum ceperunt. Tandem Ulixes clamat, 'oppidum gladiis non cepimus, consilio capiemus'. Tum Ulixes Graecis consilium ostendit.

Graeci celeriter parebant. Prope muros Troiae equum ligneum aedificaverunt. In equo multos viros fortissimos celaverunt. Tum ad litus discesserunt et equum prope muros oppidi reliquerunt.

| | | |
|---|---|---|
| Graecus: *Gréagach* | Troia: *An Traí* | obsideo: *cuirim faoi léigear* |
| oppugno: *ionsaím* | Troianus: *Traíoch* | Ulixes: *Uiliséas* |
| ligneus: *adhmaid* | aedifico: *tógaim* | |

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh. (Tá deich marc ag gabháil le gach ceist). **[80]**

*(Éiríonn leis an bplean agus gabhtar an Traí)*

Magna turba Troianorum ex oppido exivit. Unus e Graecis in silva prope equum se celaverat. Troiani eum ex silva traxerunt et multa rogabant. Graecus multa false respondebat. "Graeci ad litus discedunt. Mox ad Graeciam navigabunt. Graeci equum deae dederunt. Vos si equum in oppidum trahetis, milites in Graeciam ducetis et Graecos superabitis."

Itaque Troiani equum in oppidum traxerunt. Omnes Troiani ridebant et gaudebant. Sed media nocte Graeci subito ex equo exiverunt. Graeci portas oppidi aperuerunt. Ceteri Graeci intraverunt. Itaque Graeci Troiam consilio ceperunt.

| | | |
|---|---|---|
| Troianus: *Traíoch* | Graecus: *Gréagach* | false: *go bréagach* |
| Graecia: *An Ghréig* | Troia: *An Traí* | |

**(i)** Cad a rinne slua mór Traíoch?
**(ii)** Cad a rinne duine de na Gréagaigh?
**(iii)** Cad a rinne na Traígh leis?
**(iv)** Cad a d'inis an Gréagach seo do na Traígh faoi na Gréagaigh eile?
**(v)** Cé dó/di a dúirt sé ar thug na Gréagaigh an capall adhmaid?
**(vi)** Cad a dúirt sé a tharlódh dá dtabharfadh na Traígh an capall isteach sa Traí?
**(vii)** Cad a rinne na Traígh ansin?
**(viii)** Cén giúmar a bhí orthu nuair a bhí an méid sin á dhéanamh acu?
**(ix)** Cén uair a tháinig na Gréagaigh amach as an gcapall adhmaid?
**(x)** Cad a rinne siad ansin?
**(xi)** Cad a rinne na Gréagaigh eile ansin?
**(xii)** Agus cén chaoi ar gabhadh an Traí mar sin?
**(xiii)** Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo atá sa sliocht thuas:-

celo, traho, respondeo, duco, capio.

**(xiv)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Uatha de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

oppidum, silva, equus, litus, miles.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag gabháil le gach roinn). **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Thaitníodh sé le saoránaigh na Róimhe féachaint ar na gliairí ag troid. (16)
**(b)** Ba naimhde iad mórán de na gliairí a ghabh na saighdiúirí Rómhánacha. (16)
**(c)** Bheannaíodh na gliairí don impire i nglór ard roimh gach troid. (16)
**(d)** Throideadh na gliairí ab fhearr go han-chróga chun go leor troideanna a bhuachan. (16)
**(e)** Ar deireadh d'fhéadfadh gliaire claíomh adhmaid agus a shaoirse bhuachan. (16)

| | |
|---|---|
| *Rómhánach*: Romanus, -a, -um. | *impire*: imperator, -oris, *f.* |
| *adhmaid*: ligneus, -a, -um | *saoirse*: libertas, -tatis, *b.* |



THALL →

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge ar:-

*(MaraÍonn Peirséas an Ghorgain Meadúsa le cabhair ó na déithe Minéirve agus Mearcair)*

Erant olim tres sorores, Gorgones, e quibus una, Medusa nomine, pulchra puella fuerat. Sed dea Minerva, ira commota, crines Medusae in serpentes vertit. Postea omnes qui caput Medusae spectaverant in lapidem vertebantur. Perseus tamen auxilio deorum Medusam occidit. Nam Minerva ei speculum dedit et Mercurius ei gladium dedit.

Itaque Perseus Medusam, dum dormit, per speculum spectavit, caput gladio abscidit et in sacco posuit. Perseus caput Medusae dedit Minervae, quae caput in medio scuto posuit.

| | | |
|---|---|---|
| crinis: *gruaig* | serpens: *nathair nimhe* | verto: *athraím* |
| lapis: *cloch* | speculum: *scáthán* | abscindo: *bainim de* |
| saccus: *mála* | scutum: *sciath* | |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén chaoi ar éirigh coimhlint idir na Rómhánaigh agus na Cartagaigh i dtosach?
**(ii)** Ainmnigh **dhá** thoradh a bhí ar an gCéad Chogadh Púnach.
**(iii)** Cén fáth ar tugadh an leasainm Cunctator ar Quintus Fabius Maximus?
**(iv)** Cá háit a raibh Zama? Cad a tharla ansin in 202 RCh?
**(v)** Cén fáth ar thug Tibir Gracchus a chuid leasuithe talún isteach?
**(vi)** Cén chaoi ar ghabh na Rómhánaigh Jugurtha faoi dheireadh?
**(vii)** Cad a tharla ag cath Aquae Sextiae agus ag cath Vercellae?
**(viii)** Cérbh é M. Livius Drusus Óg? Cén chaoi ar tharraing sé trioblóid ar na Rómhánaigh?
**(ix)** Cén tábhacht a bhain le hIúil Caesar ag trasnú an Rubicon in 49 RCh?
**(x)** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil clú agus cáil ar Marcus Tullius Cicearó.

**B.** Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i mbeatha agus i ngníomhréim **Publius Cornelius Scipio Aemilianus Minor (Scipio Óg)**. (20)

**NÓ**

Ba é **Poimpéas** an fear ba mhó sa Róimh tráth ach fuair sé bás ina aonar ar an gcladach san Éigipt. Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina bheatha agus ina ghníomhréim. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **chúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén cineál oideachais a d'fhaigheadh cailín Rómhánach de ghnáth?
**(ii)** Luaigh na **trí** chuid in ainm an tsaoránaigh Rómhánaigh. Tabhair sampla.
**(iii)** Déan cur síos ar an ngaol idir *patronus* agus *cliens* sa tsochaí Rómhánach.
**(iv)** Cén ról a bhíodh ag *quaestor* sa stát Rómhánach?
**(v)** Cé a deireadh *ubi tu Gaius, ego Gaia* agus cé an cúinse ina ndeirtí é?
**(vi)** Cad ab ea an *cursus honorum* sa saol polaitiúil Rómhánach?
**(vii)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le sochraidí Rómhánacha.
**(viii)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe *apodyterium* agus ar an bhfeidhm a bhíodh leis.
**(ix)** Déan cúr síos ar phríomhghnéithe *triclinium* agus ar an bhfeidhm a bhíodh leis i dteach Rómhánach.
**(x)** Cérbh iad na Maighdeana Veisteacha agus cén ról a bhíodh acu sa tsochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de shnoíodóireacht rilífe Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:-



**(i)** Déan cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa tsnoíodóireacht rilífe thuas. (2)

**(ii)** Ainmnigh **dhá** shlí ina bhféadfaí sclábhaí a dhéanamh díot sa saol Rómhánach. (4)

**(iii)** Tabhair cur síos achomair ar shearmanas an tsaortha. (4)

**(iv)** Bhíodh réimse leathan ceirdeanna ag sclábhaithe sa saol Rómhánach. Déan cur síos ar **dhá** cheann de na ceirdeanna seo. Abair cén cheird ab fhearr, dar leat, agus cén ceann ba mheasa. (10)

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán